# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Nollaig 2025

### Fáilte!




Fáilte roimh ár Naíonán Bheaga nua : Conall, Orlaith, Robyn, Abbie, Éamon, Mícheál agus Mártán. Fáilte roimh Chloe, Lucien agus Róisín agus fáilte roimh Múinteoir Caoimhe a thosaigh linn i Mí Meán Fómhair.

### Bliots Rugbaí 23/9/25



Chuaigh na hArdranganna chuig bliots rugbaí idir bunscoileanna bhí eagraithe ag Rugbaí Chonnacht i Scoil Chuimsítheach Chiaráin. Bhí an-lá acu !

### Rásaí Tras Tíre 30/9/25



Ghlac Ranganna 3, 4, 5 agus 6 páirt i rásaí ritheacht tras tíre a bhí ar siúl ag Ráschúrsa na Gaillimhe i mbliana. Chuir na gasúir isteach an-iarracht. Rith Rang 3 agus 4 1000m agus rith Rang 5 agus 6 1200m! Fuair siad uilig teastas. Fair plé daoibh a ghasúir!!



## Códáil do na hArdranganna




Rinne na hArdranganna cúrsa Códáil a bhí eagraithe ag Corrib Kids Coding. Thaitin sé go mór le na gasúir agus bhain siad an-sult as. Fuair chuile dhuine teastas. Maith sibh a ghasúir!

## Taispeántas Ealaíne 1/10/25



Chuaigh na Meánranganna chuig an Sean Chlochar sa Spidéal chun taispeántas ealaíne a fheiceail. Bhí sé mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige. Ghlach na gasúir páirt i ngníomhaíochtaí ealaín a bhí eagraithe ag an ealaíontóir, Nuala Ní Fhlathúin. Tá muid an-bhuíoch as an deis seo a bheith againn.

## Lá na Seantuismitheoirí 6/10/25



Bhí Lá na Seantuismitheoirí againn i mbliana chun cuireadh a thabhairt do na daoine tábhactach i saol na bpáistí. Tháinig Mamónna, Daideoanna, aintíní, uncailí, feighlí leanaí agus cairde. Bhí an-lá againn ag caint faoin scoil fadó agus ag déanamh lámhphriontaí. Bhí ceol, tae agus píosa spraoi againn!



## Gairdín Bhríde 10/10/25



Chuaigh na bunranganna agus na meánranganna chuig Gairdín Bhríde. Rinne siad ceardlann agus bhí an-lá acu ar na trealamh agus ag an páirc spraoi. Is iontach an áit é!

## Cluiche Sacair Aviva 14/10/25



Bhí oíche fíor speisialta ag na hardranganna nuair a chuaigh siad chuig Stáid an Aviva chun an cluiche cáilithe a fheiceáil idir Éire agus Armenia. Bhuaigh muid 1-0!!! Bhí na gasúir an-sásta go deo!!

## Rás SCC 5K 17/10/25



Chuaigh na hardranganna chuig SCC ar an gCeathrú Rua chun 5K a rith. Bhí go leor gasúir eile ann idir meánscoil agus bunscoil. Rinne ár ngasúir an-jab. Fuair siad uilig bonn agus go leor rudaí deasa sa gcaintín!!

## Bliots Peile 21/10/25

Bhí an-lá ag na hardranganna agus iad ag imirt peile ag bliots peile i Ros Muc. Bhuaigh muid cúpla cluiche! Maith sibh a ghasúir!!



## Stáisiúin na Samhna 23/10/25



Tháinig an Naíonra chuig an scoil chun Stáisiúin na Samhna a dhéanamh linn. Bhí muid ag imirt cluichí, ag déanamh ealaíne, ag cócaireacht agus ag spraoi le chéile. Bhí dioscó againn agus bhí chuile dhuine gléasta suas. Bhí an-mhaidin ag na gasúir!!

## Seachtain Mata 4/11/25



Bhí seachtain mata againn arís i mbliana. Bhí an-spraoi againn ag déanamh cluichí mata, suirbhé, toraíocht taisce, IZAK 9, ag foghlaim faoi uilleannacha agus línte is go leor rudaí eile. Thaitin sé go mór le na gasúir!

## Seó Futa Fata 17/11/25



Chuaigh Rang a 1 – Rang a 4 chuig Amharclann Chois Fharraige i Seanscoil Sailearna chun seó Futa Fata a fheiceáil. Tá na foilsitheoiri ag ceiliúradh 20 bliain ar an bhfód. Bhain na gasúir an-sult as!

## Bailiúchán Simon Community



Tháinig Carol ó Phobal Simón na Gaillimhe le na h-earraí a bhailiú. Bhí a carr lán aici! Míle buíochas le chuile dhuine a thug isteach rud éicint don carthanacht tábhachtach seo.

## Dráma na Nollag 16/12/25



Bhí oíche fíor speisialta againn sa séipéal agus muid ag ceiliúradh an Nollag. Bhí muid ag breathnú siar ag an bhliain a bhí againn le na hardranganna agus bhí na bunranganna agus meán ranganna ag insint scéal na Nollag dúinn. Míle buíochas le Nóirín, Ailbhe Ní Mhurchú agus an banna ceoil a rinne sár jab leis an gceol iontach! Bhí an raifil againn ag an deireadh. Bhailigh muid €5370. Agus bhailigh muid €1375 ar choinnle na Nollag. Beidh leath don airgead ag dul chuig Brothers of Charity. Ba mhaith linn an deis seo a thógáil chun ár míle buíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí a d'eagraigh an Raifil agus na coinnle chun cuidiú len scoil.

## Stáisiúin na Nollag 17/12/25



Bhí an Naíonra linn arís le na Stáisiúin a dhéanamh. Bhain muid an sásamh as na cluichí, spórt, ealaín, cácaí rice krispies agus seacláid the! Bhí an-mhaidin ag na gasúir ag spraoi le chéile!

## Geamaireacht 18/12/25



Chuaigh an scoil uilig isteach ag an ngeamaireacht 'All I want for Christmas is a Hippopotamus'. Bhí an-lá ag na gasúir!

*Ag guí Nollaig iontach oraibh go léir!*

*Foireann na Scoile*

**Athoscailt : 5/1/26**